


29 Saorstát Éireann & 30 Éamon de Valera & Fianna Fáil

PICTIÚIR (15 Marc)

Ceist 1 A



Léaráid í seo a thaispeánann na hathruithe a bhí molta ag coimisiún na teorann 1925.

(i) An bhfuil mórán athruithe déanta i ndáiríre de réir na moltaí seo? Mínigh do fhreagra.

.....
.....(2)

(ii) Cad ab ainm don nuachtán a sceith an t-eolas seo roimh ré?

.....(1)

(iii) Cén fáth gur tharla conspóid de dheasca moltaí an Choimisiúin seo?

.....
.....(2)


Ceist 1 B

Póstaeir bholscaireachta iad seo a bhí ag Cumann na nGaedheal agus Fianna Fáil in Olltoghchán 1932.

Póstaer 1



Póstaer 2



(i) Cén teachtaireacht atá ag póstaer 1?

.....
.....(2)

(ii) Cén teachtaireacht atá ag póstaer 2?

.....
.....(2)

(iii) Cén póstaer ag a bhfuil an teachtaireacht is láidre dar leat? Míneigh do fhreagra.

.....
.....(2)

Ceist 1 C

Grianghraf é seo de na Léinte Gorma.



(i) Cad is ainm don bhfear atá marcáilte “X”?

.....(1)

(ii) Liostaigh **dhá** chomhartha ón ngrianghraf seo a thaispeánann go raibh tionchar ag gluaiseacht na bhFaisisteach ar an dream seo.

.....
.....(2)

(iii) Cén t-ainm eile a tugadh ar na Léinte Gorma go hoifigiúil?

.....(1)

DOICIMÉID (15 Marc)

Ceist 2 A

Seo a leanas cuntas nuachtáin d'fheallmharú Chaoimhín Ó hUigín (Kevin O'Higgins) ar an 11 Iúil 1927.

Feallmharaíodh Kevin O'Higgins, Leas-Phríomh Aire agus Aire Dlí & Cirt Shaorstát Éireann, ar a shlí go dtí an tAifreann i mBaile an Bhóthair, BÁC. Léim triúr fear amach as carr agus scaoil siad leis ocht n-uaire. Gortaíodh O'Higgins go dona agus fuair sé bás cúpla uair a chloig ina dhiaidh sin. Bhí Eoin Mac Néill, Aire Oideachais na tíre ina chuideachta ag an am agus rith sé chun cabhair a thabhairt dó.

Bhí beirt Aire eile de chuid an tSaorstáit, an tAire Hogan agus McGilligan, ag fanacht i dteach Uí Uigín ar feadh an deireadh seachtaine. Chuaigh siad sin ar Aifreann níos luaithe an mhaidin chéanna mar go raibh siad ag dul ag imirt gailf níos déanaí i rith na maidine . Ceaptar go raibh sé ar intinn ag na dúnmharaithe níos mó ná duine amháin a mharú. Phioc na feallmharaithe crosbhóthar ar a thugtar “An Cúinne Dorcha” air mar go bhfuil an méid sin crann ag fás sa cheantar.

D'fhág Ó hUigín a theach timpeall a ceathrú chun a dó dhéag chun dul ar Aifreann in Eaglais Bhaile an Bhóthair. Tá an séipéal suite thart ar cheathrú míle óna theach. Fad is a bhí sé ag siúl ar an mbóthar sin tharraing carr liath isteach in aice leis agus léim an triúr fear amach. Chonacthas an carr ina dhiaidh sin ag tiomáint go han-tapa ar bhóthar Dhomhnach Broc. Ba iad na focail dheireanacha a dúirt sé sula bhfuair sé bás ná “Fuair mé bás ar son na tíre. Beidh mé i gcuideachta Mhichíl Uí Choileáin”. Tá muintir na hÉireann uile faoi bhrón.

(i) Conas a feallmharaíodh Ó hUigín?

.....
.....(2)

(ii) Cén fáth ar imigh an bheirt Aire eile ar Aifreann níos luaithe an mhaidin chéanna?

.....
.....(2)

(iii) Cad iad na focail dheireanacha a dúirt Ó hUigín sula bhfuair sé bás?

.....
.....(2)

(iv) Ón eolas atá agat ar do chúrsa staire, cé a cheaptar a fheallmharaigh Caoimhín Ó hUigín?

.....(1)

Ceist 2 B

Seo a leanas roinnt téacs giorraithe ón óráid a thug De Valera mar fhreagra ar an gcáineadh a rinne Winston Churchill ar Éirinn faoin seasamh neodrach a thóg sí sa Dara Cogadh domhanda (theastaigh ó Churchill go rachadh Éire isteach sa chogadh)

Tá roinnt nuachtán ag cur brú orm freagra a thabhairt ar an gcraoladh a rinne an tUasal Churchill le déanaí. Tá a fhios agam cén saghas freagra atá á lorg acu freisin. Is é an saghas freagra é a thabharfadh gach duine le fuil na nGael iontu ba chuma cén áit ar domhan ina mbeidís. Tá a fhios agam an saghas freagra a bheadh agam dá mba rud é gur tharla sé seo 25 bliain ó shin ach tá cinneadh tógtha agam nach é sin an saghas freagra a thabharfaidh mé anocht. Ní theastaíonn uaim cur leis an bhfuath atá tar éis cliseadh ar an Eoraip.

Is féidir tuiscint éigean a bheith ar an óráid a rinne an tUasal Churchill dá mbeadh sé lán le mothúcháin chorrathacha tar éis an bua a bhí aige sa chogadh. Bhí an t-am aige smaoineamh ar an óráid seo áfach agus bhí timpeallacht chiúin, séimh aige le tabhairt faoi. Tá sé de dhualgas orm rudaí áirithe a rá áfach, rudaí atá riachtanach chun freagra a thabhairt. Bainfidh mé triail as iad a rá chomh neodrach agus is féidir liom.

Dúirt An tUasal Churchill go rí-shoiléir go raibh sé ar intinn aige Éire a ionsaí más rud é go raibh torthaí difriúla ar eachtraí éagsúla a tharla sa chogadh. Dúirt sé go mbeadh sé riachtanach iad seo a dhéanamh ar mhaithe na Breataine. Ní thuigeann an tUasal Churchill áfach, nach ionann maitheas na Breataine agus maitheas an domhan uile. Mar sin, bhí sé sásta cearta daoine eile a shárú ar mhaithe leis féin.

(i) An bhfuil De Valera chun freagra feargach a thabhairt an dóigh leat? Mínigh do fhreagra.

.....
.....(2)

(ii) Conas a réitigh Churchill don óráid a thug sé dar le De Valera?

.....
.....(2)

(iii) Cén fáth go raibh Churchill ag smaoineamh ar ionsaí a dhéanamh ar Éirinn?

.....
.....(2)

(iv) Ón eolas atá agat ar do chúrsa, cén fáth go raibh Éire neodrach i rith an Dara Cogadh Domhanda?

.....
.....(2)

Ceist 3 CEISTEANNA GEARRFHREAGRA (20 marc)

1. Cad a bhí i gceist leis an móid dílseachta i gConradh Angla-Éireannach 1921?

.....
.....
.....(2)

2. Cérbh iad an t-aon fhreasúra a bhí sa Dáil tar éis olltoghcháin 1923?

.....(2)

3. Luaigh **dhá** phointe a bhí i mbunreacht 1922.

.....
.....
.....(2)

4. Cad a bhí i gceist le hAcht um Shábháilteacht Phoiblí 1923?

.....
.....
.....(2)

5. Cén saghas fórsa ab ea na Gardaí Síochána?

.....
.....(2)

6. Cén saghas eagair a cuireadh ar an gcóras cúirte?

.....
.....(2)

7. Cad a bhí i gceist le hAcht Talún Hogan 1923?

.....
.....
.....(2)

8. Cad a bhí san ACC?

.....
.....(2)

9. Cad a tharla ó thaobh cúrsaí leictreachais i Saorstát Éireann?

.....
.....(2)

10. Cad a rinne Cumann na nGaedheal ó thaobh cúrsaí Gaeilge de?

.....
.....(2)

11. Cad a bhí i gceist le hAcht um Ghairmoideachais 1930?

.....
.....(2)

12. Cad a bhí i gceist le Reacht Westminster 1931?

.....
.....(2)

13. Cén fáth gur tharla ceannairc san arm sa bhliain 1924?

.....
.....(2)

14. Cén aidhm a bhí ag Coimisiún na Teorann?

.....
.....(2)

15. Cén toradh a bhí ar Choimisiún na Teorann?

.....
.....(2)

16. Cad a tharla maidir le scéal *The Morning Post*?

.....
.....(2)

17. Cén fáth gur ritheadh Acht um Shlándaíl Phoiblí?

.....
.....(2)

18. Cén fáth gur bhunaigh Éamon de Valera Fianna Fáil?

.....
.....(2)

19. Cad a bhí i gceist le hAcht um Leasú Toghchánaíochta?

.....
.....(2)

20. Cad a bhí i gceist le polasaí saorthrádála?

.....
.....(2)

21. Cad a tharla in olltoghchán 1932?

.....
.....(2)

22. Cad dúirt Éamon de Valera faoin móid dílseachta nuair a bhunaigh sé Fianna Fáil?

.....
.....(2)

23. Cén tuairimíocht a bhí ann maidir le Cumann na nGaedhael c. 1927?

.....
.....(2)

24. Luaigh **dhá** gheallúint a thug Fianna Fáil do mhuintir na hÉireann.

.....
.....(2)

25. Cén fáth gur bhunaigh Fianna Fáil *The Irish Press*?

.....
.....(2)

26. Cad a thaispeáin go raibh an daonlathas i bhfeidhm in Éirinn sa bhliain 1932?

.....
.....(2)

27. Cad a tharla chun a chur ar chumas de Valera deireadh a chur leis an gConradh Angla-Éireannach?

.....
.....(2)

28. Conas a chuir de Valera deireadh leis an móid dílseachta?

.....
.....(2)

29. Conas a lagdaigh de Valera ról Ionadaí an Rí?

.....
.....(2)

30. Cad a tharla i reifreann agus olltoghchán 1937?

.....
.....
.....(2)

31. Luaigh **dhá** phointe a bhí i mbunreacht de Valera.

.....
.....
.....(2)

32. Cad iad na tionchair a bhí ag bunreacht de Valera?

.....
.....(2)

33. Cad a rinne de Valera ar son iarbhail an IRA?

.....
.....
.....(2)

34. Cad a bhí i gceist le hAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit 1939?

.....
.....
.....(2)

35. Cén fáth gur bunaíodh Cumann Chomrádaithe an Airm?

.....
.....
.....(2)

36. Cad iad na tréithe a bhí ag na Léinte Gorma?

.....
.....(2)

37. Cad a bhí i gceist leis an Máirseáil ar an Dáil 1933?

.....
.....
.....(2)

38. Conas a bunaíodh Fine Gael?

.....
.....
.....(2)

39. Cad a tharla do Eoin Ó Dufaigh go gairid tar éis bunú Fhine Gael?

.....
.....(2)

40. Cad iad na hathruithe a rinne Seán McEntee tar éis Tobthitim Wall St. 1929?

.....
.....
.....(2)

41. Cén polasaí talmhaíochta a bhí ag Fianna Fáil?

.....
.....(2)

42. Cad a bhí i gceist leis an gCogadh Eacnamaíochta?

.....
.....
.....(2)

43. Cad a bhí i gceist le Comhaontú um Ghual agus Eallach?

.....
.....
.....(2)

44. Cén réiteach a rinneadh ar an gCogadh Eacnamaíochta?

.....
.....
.....(2)

45. Cad a bhí i gceist le calafoirt an chonartha?

.....
.....
.....(2)

46. Cén fáth gur fhógair de Valera Éire ina tír neodrach i rith an Dara Cogadh Domhanda?

.....
.....
.....(2)

47. Cad a rinne de Valera leis an IRA i rith Tréimhse na hÉigeandála?

.....
.....(2)

48. Cén fáth gur cuireadh cinsireacht i bhfeidhm in Éirinn i rith na hÉigeandála?

.....
.....
.....(2)

49. Cad a bhí i gceist le ciondáiil?

.....
.....
.....(2)

50. Cérbh é an “Glimmer Man”?

.....
.....(2)

51. Cad a bhí i gceist le Loingeas Éireann a bunaíodh sa bhliain 1941?

.....
.....
.....(2)

52. Cén fáth go raibh “arán dubh” á dhíol i rith thréimhse na héigeandála?

.....
.....
.....(2)

53. Cad a bhí i gceist le Bille um Fhórsaí Cosanta 1940?

.....
.....
.....(2)

54. Cén baol ionsaithe a bhí ar Éirinn i rith thréimhse na héigeandála?

.....
.....
.....(2)

55. Conas a cruthaíodh aighneas idir de Valera agus Winston Churchill ó 1940 ar aghaidh?

.....
.....
.....(2)

56. Conas go raibh Éire claonta i dtreo na gcomhghuaillithe i rith an Dara Cogadh Domhanda?

.....
.....
.....(2)

Ceist 4

PEARSA SA STAIR

(20 marc)

Scríobh cuntas faoi cheannaire a ainmníonn tú in Éirinn i rith na tréimhse c. 1916-1960. (1½ A4)

Luaigh na pointí seo thíos (alt i gcomhair gach uimhir):

Éamonn de Valera

1. Cúlra

- Rugadh i Meiriceá 1882, máthair: imirceach Éireannach ó Bhrú Rí, Co. Luimnigh. Athair: imirceach ó Cúba
- Athair bás, ar ais go Luimneach, Scoil Náisiúnta Bhrú Rí
- Theip i scrúdú iontrála Coláiste Mhainicín Naofa, áit i gColáiste na Carraige Duibhe
- An-reiligiúnach, smaoinigh ar shagartóireacht, múinteoir mata

2. Éirí Amach 1916

- Óglaigh na hÉireann 1913, thaobhaigh le hEoin Mac Néill, IRB níos déanaí
- Boland's Mills, ceannaire na saighdiúirí ann, ghéill tar éis seachtaine
- faoi choinneáil, daortha chun báis, fágadh amach astu sin curtha chun báis, saoránach Mheiriceánach
- príosún i mBaile Choinnleora, Co. an Dúin

3. 1918-1922

- scaoileadh saor, Olltoghcháin 1918: Sinn Féin tromlach
- De Valera, suíochán in Oirthear an Chláir
- Polasaí Staonadh (mínigh) An Chéad Dáil 1919, uachtarán,
- Meiriceá ag lorg aitheantais do Phoblacht, chaill a lán de Chogadh na Saoirse
- Conradh Angla-Éireannach, ní dheachaigh go Londain, cén fáth? Eagla? Eolas roimh ré nach mbeadh poblacht?, Uachtarán: ní théann ag plé, dearcadh ón taobh amuigh
- glan i gcoinne an Chonartha, níor phoblacht í Éire, móid dílseachta, shiúl amach as an Dáil nuair a bhuaigh vóta ar son an Chonartha
- Thug tacaíocht do na Neamhrialtaigh, thug ordú dóibh stopadh 1922 nuair a bhí a fhios aige -cogadh cailte

4. Sinn Féin go Fianna Fáil

- Polasaí Staonadh ag Sinn Féin, dhiúltaigh móid dílseachta a thógaint
- laghdaigh tacaíocht Shinn Féin sna 1920dí, De Valera den tuairim anois suíocháin a thógáil sa Dáil
- scoilt i Sinn Féin 1926 dá bharr seo, páirtí nua: Fianna Fáil, De Valera mar cheannaire

5. De Valera & Fianna Fáil 1932-1939

- Olltoghchán 1932 bua ag Fianna Fáil, De Valera mar Thaoiseach
- geallúintí nua, scéimeanna tithíochta, cabhair d'fheirmeoirí
- Conradh Angla-Éireannach a bhriseadh: príomh aidhm
- Reacht Westminster & an Comhlathas (mínigh)
- Rí Eadbhard VII: Éirí as: fáil réidh le tagairtí don Rí ón mbunreacht
- Laghdaigh ról Ionadaí an Rí
- Bunreacht 1937: Éire 32 contae, Taoiseach & Tánaiste, Gaeilge, áit speisialta ag an Eaglais Chaitliceach
- IRA & Na Léinte Gorma (mínigh)
- Cogadh Eacnamaíochta (mínigh)

6. Aimsir na hÉigeandála anall 1939+

- Calafoirt an Chonartha, téarma ar réiteach an Chogaidh Eacnamaíochta = Éire neodrach sa Dara Cogadh Domhanda, brú ó Churchill
- Imtheorannú ar IRA (mínigh)
- Cinsireacht, scannáin, tuar na haimsire etc. (mínigh)
- Ciondáil, tae, peitreal, gás, gual, "glimmer man", Loingeas Éireann, grán & arán dubh
- D'ofráil Churchill an Tuaisceart ar ais dá gcabhrófaí, dhiúltaigh De Valera
- Neodracht chlaonta? Píolótaí Luftwaffe V RAF, tuar na haimsire, aerspás

7. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda

- Éire fós beo bocht, ní bhfuair sí airgead ón Phlean Mharshall
- coinníollacha géarchéime fós ann, saol deacair, na mílte ag dul ar imirce
- De Valera i gcumhacht ar feadh 16 bl. Fuinneamh cailte, páirtí nua chun cinn: Clann na Poblachta
- Olltoghchán 1948, páirtí eile le chéile i gcomhrialtas in aghaidh Fhianna Fáil
- rialtas 1951-1954: ní raibh mórán ag tarlú


8. Polasaí Eachtrach & Conclúid

- Náisiúin Aontaithe 1955, páirt ghníomhach, síocháin an domhain
- glan i gcoinne an Chumannachais
- D'éirigh De Valera as 1959, toghadh ina Uachtarán é, dhá théarma 1959-1973
- Bás i 1975, curtha i Reilig Ghlas Naíon



Foinse Y

Póstaer é seo a bhaineann le hOlltoghchán 1927



Foinse Z

Seo a leanas roinnt airteagail ó Bhunreacht na hÉireann 1937

Airteagal 2

Is ionann Éire agus oileán iomlán na hÉireann, na hoileáin agus na farraigí uile timpeall uirthi.

Airteagal 3

Ba cheart údarás a bheith ag parlaimint agus rialtas na hÉireann timpeall oileán na hÉireann ar fad. Aon dlí a ritheann an pharlaimint sula mbíonn oileán na hÉireann mar thír amháin, beidh an éifeacht chéanna acu mar a bhí ag dlíthe Shaorstát Éireann.

Airteagal 41.1.2

Aithníonn an Stát go bhfuil ionad speisialta ag an Eaglais Chaitliceach Rómhánach agus go bhfuil an Eaglais Rómhánach ann chun aire a thabhairt don gcreideamh atá ag formhór de shaoránaigh.

Airteagal 41.1.3

Chomh maith leis sin aithníonn an Stát Eaglais na hÉireann, an Eaglais Phreispitéireach, an Eaglais Mheitidisteach, Cumann na gCarard, Giúdachas agus gach reiligiún eile atá in Éirinn ag an uair a bunaíodh an bunreacht seo.

Airteagal 41.2.1

Aithníonn an Stát ach go háirithe go dtugann an bhean tacaíocht dó, trí a bheith sa bhaile sa teaghlach.

41.2.2

Mar sin, déanfaidh an Stát cinnte de nach mbeidh ar mháithreacha dul taobh amuigh den teaghlach ag lorg oibre agus ag déanamh faillí ar a gcúramaí sa bhaile.

A. Foinse X agus Y

(i) Cé hé an duine atá marcáilte “1” i bhfoinse X?

.....(1)

(ii) Cé do a sheasann an duine atá marcáilte “2” i bhfoinse X?

.....(2)

(iii) I bhfoinse X, cén fáth go bhfuil an duine atá marcáilte “1” tarraingthe mar crocodile ag caoineadh?

.....
.....(2)

(iv) I bhfoinse Y, cé dóibh a sheasann “The Masses”?

.....(1)

(v) I bhfoinse Y, cé dóibh a sheasann “The Classes”?

.....(1)

(vi) Cad atá Fianna Fáil ag cur i leith Chumann na nGaedheal i bhfoinse Y?

.....
.....(2)

(vii) I bhfoinse X, cén chiall ata leis an bhfoirmle fholamh nó an “empty formula”?

.....
.....(2)

B. Foinse Z

(i) I bhfoinse Z, conas go bhféadfadh Airteagail 2 agus 3 cur isteach ar Aontachtaithe i dTuaisceart na hÉireann?

.....
.....(2)

(ii) I bhfoinse Z, cad atá suntasach faoi Airteagail 41.1.2 agus 41.1.3 ó thaobh reiligiúin de?

.....
.....(2)

(iii) I bhfoinse Z, cén saghas ról atá ag mná na hÉireann de réir Airteagail 41.2.1 agus 41.2.2?

.....(1)

C.

(i) Luaigh éacht **amháin** a rinne rialtas Chumann na nGaedheal 1922-1932 agus éacht **amháin** a rinne rialtas Fhianna Fáil 1932-1949.

.....
.....
.....
.....(4)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Coimisiún na Teorann 1925.

(b) Bunú Fhianna Fáil 1927-1932.

(c) Éachta Rialtas Chumann na nGaedheal. (10)

Ceist 6

(30 Marc)

(i) Cad a bhí i gceist leis an “Móid Dílseachta” i mBunreacht an tSaorstáit 1922-1937? (2)

(ii) Cén fáth ar tharla scoilt i bPáirtí Shinn Féin sa bhliain 1927? (4)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas: (4)

Acht um Leasaithe Toghchánaíochta 1927

Reacht Westminster 1931

Ionadaí an Rí

Ciondáil

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Bunreacht na hÉireann 1937

(b) Na Léinte Gorma

(c) An Cogadh Eacnamaíochta 1932-1938 (2 x 10)